**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta*

**2023/0450(NLE)**

03.01.2024

***

# DRÉACHTMHOLADH

maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le saorshreabhadh sonraí
(COM(2023)0774 – C9-0000/2023 – 2023/0450(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Danilo Oscar Lancini

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ...........................................................................................................................8

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le saorshreabhadh sonraí**
**(COM(2023)0774 – C9-0000/2023 – 2023/0450(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2023)774),

– ag féachaint don Phrótacal lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le saorshreabhadh sonraí (00000/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0000/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0000/2023),

1. ag tabhairt a toilithe an prótacal a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na Seapáine.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Le cinneadh uaithi an 12 Iúil 2022, d'fhormheas an Chomhairle treoracha caibidlíochta don Choimisiún chun a chaibidliú go ndéanfaí forálacha maidir le sreafaí sonraí trasteorann a chur leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin[1]. Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas agus an tSeapáin a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019, rinneadh foráil go ndéanfadh an tAontas agus an tSeapáin measúnú ar an ngá atá le forálacha maidir le sreafaí sonraí trasteorann a áireamh laistigh de 3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm CCE.

An 24 Deireadh Fómhair 2022, chuir an tAontas agus an tSeapáin tús leis an gcaibidlíocht maidir le sreafaí sonraí trasteorann. An 28 Deireadh Fómhair 2023, tugadh an chaibidlíocht i gcrích i bprionsabal ag an Idirphlé Eacnamaíoch Ardleibhéil (HLED) idir an tAontas agus an tSeapáin.

Tá an tAontas agus an tSeapáin ar na geilleagair dhigiteacha is mó ar domhan. Tá an tAontas ag iarraidh dlús a chur leis na tairbhí a bhaineann le tuilleadh digitithe ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí dhomhanda agus chun leas a bhaint astu. Tá rialachas sonraí agus sreafaí sonraí trasteorann ríthábhachtach don fhorbairt sin. Is ar shonraí atá cuid mhór gnólachtaí ag brath agus is comhchuid ríthábhachtach de shamhlacha gnó agus de shlabhraí soláthair iad ar fud roinnt earnálacha eacnamaíocha.

Leis an gcomhaontú seo, tugtar deimhneacht dhlíthiúil a bhfuil géarghá léi nach gcuirfear isteach ar shreafaí sonraí idir an tAontas agus an tSeapáin mar gheall ar bhearta logánaithe sonraí nach bhfuil údar leo, agus áirithítear leis go mbainfear tairbhe as saorshreabhadh sonraí agus gur féidir iontaoibh a chur ann go mbeidh sé i gcomhréir iomlán lenár rialacha faoi seach maidir le cosaint sonraí agus an geilleagar digiteach.

Le torthaí na caibidlíochta, deimhnítear tiomantas leanúnach an Aontais agus na Seapáine don chóras trádála idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha agus a dhiongbháilte atá siad rialacha maidir le sreabhadh domhanda sonraí a mhúnlú lena n-urramaítear luachanna comhroinnte agus a gcur chuige rialála faoi leith. Thairis sin, rannchuideoidh an comhaontú sin leis an gcomhpháirtíocht leis an tSeapáin a dhoimhniú, ar comhpháirtí ríthábhachtach de chuid an Aontais í sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach.

Leis na rialacha a caibidlíodh maidir le sreafaí sonraí trasteorann leis an tSeapáin, comhlánaítear an comhshocrú leordhóthanachta atá ann cheana idir an tAontas agus an tSeapáin maidir le sonraí pearsanta, agus tá siad i gcomhréir leis an togra comhdhlúite le haghaidh forálacha maidir le sreafaí sonraí trasteorann agus cosaint na sonraí pearsanta agus an phríobháideachais i gcomhaontuithe trádála. Saothraíonn an togra straitéis an Choimisiúin a leagtar síos san Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála, sa Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i dtaca le Straitéis an Aontais maidir le Comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach agus sa Dearbhú Comhpháirteach maidir le príobháideachas agus cosaint na sonraí pearsanta arna gcomhshíniú ag an Aontas agus ag an tSeapáin.

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun go

[1] Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin (IO L 330, 27.12.2018, lch. 3).

nglacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir leis an prótacal a thabhairt i gcrích agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm in am trátha.

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, molann an Rapóirtéir go dtabharfaidh an Pharlaimint a toiliú do thabhairt i gcrích an Phrótacail, gan dochar dá ceart daonlathach maidir le grinnscrúdú leanúnach.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

The rapporteur declares under his exclusive responsibility that he did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.